An Sáirsint Maurice McCabe: Cúlra an scéil

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc a thugann cúlra dúinn ar scéal an tSáirsint McCabe. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cad atá ar eolas agat faoi scéal Maurice McCabe?
2. An bhfuil an obair a dhéanann an Garda Síochána deacair, dar leat? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh?
3. An bhfuil muinín agat as ár bpolaiteoirí faoi láthair? Cén fáth?

Ceist 2 Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. líomhaintí _____
2. míchleachtas _____
3. An Coiste Um Chuntais Phoiblí _____
4. ag maitheamh _____
5. athbhreithniú _____
6. córas na bpointí pionóis _____
7. sceithirí _____
8. iniúchadh _____
9. feachtas clúmhillte _____
10. mí-úsáid ghnéis _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideoidh sé sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus tabhair an oiread eolais agus is féidir a luadh faoi na blianta thíos.

2008:

2013 agus 2014:

2014:

2015:

2017:

Ceist 4 '…leis an gcoiste…'

A. Cad is féidir leat a rá faoin urú sa sampla thuas? Aistrigh na habairtí thíos go Gaeilge anois.

- *The hat is on the table.*
- *Look at the cat sitting under the window.*
- *I ran through the park as fast as I could.*
- *Please knock on the door.*

B. '…ag an sáirsint…'

Cén fáth nach bhfuil 't' ar an bhfocal 'sáirsint'? Cuir an fhoirm cheart den fhocal atá idir lúibíní sa bhearna sna habairtí thíos.

- Is as an (Sín) _____ don fhear sin.
- Tá seomra Mháire in aice leis an (seomra) _____ sin.
- Is maith leis an (seanfhear) _____ a bheith ina shuí in aice leis an (seanbhean) _____.
- Cuireann an toitcheo isteach go mór ar an (sláinte) _____.

Ceist 5 '…*ceapadh Nóirín O'Sullivan ina* ***Coimisinéir***…'

Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar an bhfocal 'coimisinéir' thuas?

Ceist 6 Bhí na focail thíos le cloisteáil sa mhír san uimhir iolra. Scríobh amach arís iad ach sa tuiseal ainmneach, uatha:

líomhaintí: _____
cleachtais: _____
gardaí: _____
pointí pionóis: _____
sceithirí: _____
iriseoirí: _____
coireanna: _____

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Ceist 2

1. líomhaintí	*allegations*
2. míchleachtas	*malpractice*
3. An Coiste um Chuntais Phoiblí	*The Public Accounts Committee*
4. ag maitheamh	*pardoning*
5. athbhreithniú	*a review*
6. córas na bpointí pionóis	*the penalty points system*
7. sceithirí	*whistle-blowers*
8. iniúchadh	*an investigation*
9. feachtas clúmhillte	a *defamation/smear campaign*
10. mí-úsáid ghnéis	*sex abuse*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Na rialacha a bhaineann le: *ag an, ar an, as an, chuig an, faoin, leis an, ón, roimh an, thar an, tríd an*.
A.
- ✓ Uraítear ainmfhocail dar tús **b, c, f, g** agus **p** i gcanúint na Mumhan agus i gcanúint Chonnacht. Séimhítear iad i gcanúint Uladh.
- ✓ Ní uraítear ainmfhocail dar tús **d** agus **t** i gcanúint Chonnacht ná i gcanúint Uladh. Uraítear ainmfhocail dar tús **d** agus **t** i gcanúint na Mumhan (ach tá an nós sin taobh amuigh den chaighdeán).
- ✓ Ní athraíonn ainmfhocail dar tús guta.

- Tá an hata ar an mbord/ar an tábla.
  Tá an hata ar an bhord. (Canúint Uladh)
- Féach ar an gcat ina shuí faoin bhfuinneog.
  Féach ar an chat ina shuí faoin fhuinneog. (Canúint Uladh)
- Rith mé tríd an bpáirc chomh gasta agus ab fhéidir liom.
  Rith mé tríd an pháirc chomh gasta agus ab fhéidir liom. (Canúint Uladh)
- Buail cnag ar an doras, le do thoil.
  Buail cnag ar an doras le do thoil. (Canúint Uladh)

B.
Ní chuirtear ‘t’ roimh ainmfhocail fhirinscneacha dar tús **s**.
Cuirtear ‘t’ roimh ainmfhocail bhaininscneacha dar tús **s** + guta nó **sl-**, **sn-**, **sr-**.

- Is as an **tSín** don fhear sin.
- Tá seomra Mháire in aice leis an **seomra** sin.
- Is maith leis an **seanfhear** a bheith ina shuí in aice leis an **tseanbhean**.
- Cuireann an toitcheo isteach go mór ar an **tslainte**.

Ceist 5
An aidiacht shealbhach atá i gceist, sa tríú pearsa uatha, agus is bean í Nóirín O’Sullivan agus mar sin ní shéimhítear an t-ainmfhocal.

Ceist 6

líomhaintí:	*líomhain*
cleachtais:	*cleachtas*
gardaí:	*garda*
pointí pionóis:	*pointe pionós*
sceithirí:	*sceithire*
iriseoirí:	*iriseoir*
coireanna:	*coir*

Eimear Ní Chonaola
Tá na líomhaintí a rinne an Garda Sáirsint Maurice McCabe maidir le míchleachtais i measc gardaí áirithe ag dul siar go dtí 2008. Caithfidh Irene Ní Nualláin súil anois ar chúlra an scéil.

Irene Ní Nualláin
In 2008 a thug an Garda Sáirsint Maurice McCabe le fios ar dtús go raibh imní air faoi chleachtais i measc gardaí áirithe. Ag cruinniú príobháideach a bhí ag McCabe leis an gCoiste um Chuntais Phoiblí in 2014, dúirt sé go mbíodh Gardaí ag maitheamh pointí pionóis do dhaoine ar bhonn rialta. Dhá mhí ina dhiaidh sin, fógraíodh athbhreithniú ar chóras na bpointí pionóis. Dúirt Coimisinéir na nGardaí, Martin Callinan, leis an gCoiste um Chuntais Phoiblí go raibh iompar na sceithirí déistineach, focal a bhféadfaí[1] brí eile a bhaint as i bhfianaise an méid atá nochta le seachtain anuas. Coicís ina dhiaidh sin, d'fhógair an Coimisinéir Callinan go raibh sé ag éirí as. Dhá mhí ina dhiaidh sin, d'éirigh Alan Shatter as mar Aire Dlí agus Cirt. Léirigh tuarascáil Guerin nár tugadh dóthain suntais do líomhaintí McCabe. Chuaigh an Sáirsint McCabe ansin amach ar shaoire thinnis[2] ón obair.

I mí na Samhna in 2014, ceapadh Nóirín O'Sullivan ina Coimisinéir ar na Gardaí. Bunaíodh fiosrúchán O'Higgins in 2015, le hiniúchadh a dhéanamh ar líomhaintí McCabe. Sheas an fiosrúchán lena líomhaintí. Dé Luain seo caite, dúirt an tIar-Aire Brendan Howlin sa Dáil gur thug Coimisinéir na nGardaí, Nóirín O'Sullivan, le fios d'iriseoirí in 2013 agus in 2014, go raibh baint ag an Sáirsint McCabe le coireanna gnéis. Dé Céadaoin seo caite, bunaíodh coimisiún fiosrúcháin Charlton, le feachtas clúmhillte i gcoinne Maurice McCabe a fhiosrú. San oíche Déardaoin, mhaígh an clár *Prime Time* gur sheol *Tusla* comhad chuig na Gardaí ina raibh líomhaintí bréagacha i gcoinne McCabe maidir le mí-úsáid ghnéis. Botún cléireachais a dúirt *Tusla* ina dhiaidh sin a bhí i gceist. Ní fios fós céard atá i ndán don Choimisinéir de bharr an scéil, ná an tAire Dlí agus Cirt, ná fiú an Rialtas.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

[1] *a d'fhéadfaí* a deirtear
[2] *ar shaoire tinnis* a deirtear